2024/1297

8.5.2024

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/1297 ÓN gCOIMISIÚN

an 3 Bealtaine 2024

lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2447 maidir le bearta éigeandála i ndáil le ráigeanna den fhliú éanúil ardphataigineach i mBallstáit áirithe

(tugadh fógra faoi leis an doiciméad C (2024) 3134)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ('Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe') ([1]), agus go háirithe Airteagal 259(1), pointe (c), de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is galar víreasach tógálach in éin é an fliú éanúil ardphataigineach (HPAI) agus d'fhéadfadh tionchar tromchúiseach a bheith aige ar bhrabúsacht na feirmeoireachta éanlaithe clóis, rud a chuirfeadh isteach ar thrádáil laistigh den Aontas agus ar onnmhairí chuig tríú tíortha. Is féidir le víris HPAI éin imirceacha a ionfhabhtú, rud a fhágann gur féidir le héin imirceacha na víris sin a leathadh thar achair fhada le linn a n-imircí san fhómhar agus san earrach. Dá bhrí sin, is bagairt leanúnach é víris HPAI a bheith in éin fhiáine maidir le tabhairt isteach na víreas sin go díreach agus go hindíreach i ngabháltais ina gcoimeádtar éanlaith chlóis nó éin i mbraighdeanas. I gcás ráig de HPAI, tá baol ann go bhféadfaidh an t-oibreán galair leathadh go gabháltais eile ina gcoimeádtar éanlaith chlóis nó éin i mbraighdeanas.

(2) Le Rialachán (AE) 2016/429 bunaítear creat reachtach nua chun galair a chosc agus a rialú, ar galair iad atá in-tarchurtha chuig ainmhithe nó chuig daoine. Tagann HPAI faoin sainmhíniú ar ghalar liostaithe sa Rialachán sin, agus tá sé faoi réir na rialacha coisctheacha agus rialaithe galar a leagtar síos ann. Ina theannta sin, le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 ón gCoimisiún ([2]) déantar forlíonadh ar Rialachán (AE) 2016/429 a mhéid a bhaineann leis na rialacha i dtaca le galair liostaithe áirithe a chosc agus a rialú, lena n-áirítear bearta rialaithe galar le haghaidh HPAI.

(3) Glacadh Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2447 ón gCoimisiún ([3]) faoi chuimsiú Rialachán (AE) 2016/429 agus leagtar síos leis bearta éigeandála ar leibhéal an Aontais i ndáil le ráigeanna HPAI.

(4) Go háirithe, le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2447 déantar foráil maidir leis na criosanna cosanta agus faireachais agus na criosanna srianta breise arna mbunú ag na Ballstáit tar éis ráigeanna HPAI, i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687, go gcuimseoidh siad ar a laghad na limistéir a liostaítear mar chriosanna cosanta agus faireachais agus criosanna srianta breise san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme sin.

(5) Leasaíodh an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2447 le déanaí le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 20204/1222 ón gCoimisiún ([4]) tar éis ráigeanna HPAI in éanlaith chlóis nó in éin i mbraighdeanas sa Bhulgáir agus san Ungáir, rud ba ghá a léiriú san Iarscríbhinn sin.

([1]) IO L 84, 31.3.2016, lch. 1.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le rialacha i dtaca le galair liostaithe áirithe a chosc agus a rialú (IO L 174, 3.6.2020, lch. 64, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2020/687/oj).

([3]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2447 ón gCoimisiún an 24 Deireadh Fómhair 2023 maidir le bearta éigeandála i ndáil le ráigeanna den fhliú éanúil ardphataigineach i mBallstáit áirithe (IO L 2023/2447, 30.10.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2023/2447/oj).

([4]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1222 ón gCoimisiún an 23 Aibreán 2024 lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2447 maidir le bearta éigeandála i ndáil le ráigeanna den fhliú éanúil ardphataigineach i mBallstáit áirithe (IO L, 2024/1222, 29.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2024/1222/oj).

(6) Ón dáta a glacadh Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 20204/1222, thug an Ungáir fógra don Choimisiún faoi ráigeanna nua HPAI i mbunaíochtaí inar coinníodh éanlaith chlóis agus atá lonnaithe i gcontae Békés.

(7) Rinne údarás inniúil na hUngáire na bearta rialaithe galar is gá i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687, lena n-áirítear bunú criosanna cosanta agus faireachais timpeall ar na ráigeanna sin.

(8) Tá scrúdú déanta ag an gCoimisiún ar na bearta rialaithe galar a rinne an Ungáir i gcomhar leis an mBallstát sin, agus tá sé sásta maidir le teorainneacha na gcriosanna cosanta agus faireachais arna mbunú ag údarás inniúil na hUngáire, go bhfuil siad fada go leor ó na bunaíochtaí inar deimhníodh na ráigeanna HPAI.

(9) Chun aon suaitheadh nach bhfuil gá leis ar thrádáil laistigh den Aontas a chosc agus chun nach bhforchuirfidh tríú tíortha bacainní gan údar ar thrádáil, is gá tuairisc a thabhairt go mear ar leibhéal an Aontais, i gcomhar leis an Ungáir, ar na criosanna cosanta agus faireachais arna mbunú go cuí ag an mBallstát sin i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687.

(10) Dá bhrí sin, na limistéir a liostaítear mar chriosanna cosanta agus faireachais le haghaidh na hUngáire san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2447, ba cheart iad a leasú.

(11) Dá réir sin, ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2447 a leasú chun an réigiúnú a thabhairt cothrom le dáta ar leibhéal an Aontais chun aird a thabhairt ar na criosanna cosanta agus faireachais arna mbunú go cuí ag an Ungáir i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687, agus fad na mbeart is infheidhme sna criosanna sin.

(12) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2447 a leasú dá réir.

(13) I bhfianaise phráinn na staide eipidéimeolaíche san Aontas a mhéid a bhaineann le leathadh HPAI, tá sé tábhachtach go dtiocfaidh na leasuithe atá le déanamh ar Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2447 leis an gCinneadh seo i bhfeidhm a luaithe is féidir.

(14) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad na hIarscríbhinne a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2447.

Airteagal 2

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 3 Bealtaine 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
Stella KYRIAKIDES
Comhalta den Choimisiún

IARSCRÍBHINN

Cuid A

Criosanna cosanta sna Ballstáit lena mbaineann* dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe (a), agus Airteagal 2:

Ballstát: An Bhulgáir

Uimhir thagartha ADIS na ráige	**Limistéar arb é atá ann:**	**An dáta a bheidh sé infheidhme go dtí, i gcomhréir le hAirteagal 39 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687**
	Réigiún Haskovo	
BG-HPAI(P)-2024-00010 BG-HPAI(P)-2024-00011	Na sráidbhailte seo a leanas i mbardasacht Haskovo: — Haskovo — Voyvodovo — Manastir — Konush	15.5.2024
	Réigiún Kardzhali	
BG-HPAI(P)-2024-00012	Na sráidbhailte seo a leanas i mbardasacht Krumovgrad: — Doborsko — Bagriltsi — Chal — Perunika	5.5.2024
	Réigiún Plovdiv	
BG-HPAI(P)-2024-00013	Na sráidbhailte seo a leanas i mbardasacht Asenovgrad: — Asenovgrad — Boyantsi	26.5.2024
	An sráidbhaile seo a leanas i mbardasacht Sadovo: — Mominsko	

Ballstát: An Ungáir

Uimhir thagartha ADIS na ráige	**Limistéar arb é atá ann:**	**An dáta a bheidh sé infheidhme go dtí, i gcomhréir le hAirteagal 39 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687**
	Békés vármegye	
HU-HPAI(P)-2024-00007 HU-HPAI(P)-2024-00009 HU-HPAI(P)-2024-00010	Békéssámson, Kardoskút és Tótkomlós települések közigazgatási területének a 46.428759 és a 20.707461, a 46.442322 és a 20.727723, valamint a 46.443534 és a 20.727690 GPS-koordináták által meghatározott pont körüli 3 km sugarú körön belül eső területe.	8.5.2024

HU-HPAI(P)-2024-00008	Kardoskút, Kaszaper, Orosháza, Pusztaföldvár és Tótkomlós települések közigazgatási területének a 46.489250 és a 20.791090 GPS-koordináták által meghatározott pont körüli 3 km sugarú körön belül eső területe.	9.5.2024
HU-HPAI(P)-2024-00011	Szarvas település közigazgatási területének a 46.889059 és a 20.421714 GPS-koordináták által meghatározott pont körüli 3 km sugarú körön belül eső területe.	11.5.2024
HU-HPAI(P)-2024-00012	Szarvas település közigazgatási területének a 46.861838 és a 20.586673 GPS-koordináták által meghatározott pont körüli 3 km sugarú körön belül eső területe.	14.5.2024
HU-HPAI(P)-2024-00013	Gádoros és Orosháza települések közigazgatási területének a 46.593821 és a 20.626602 GPS-koordináták által meghatározott pont körüli 3 km sugarú körön belül eső területe.	14.5.2024
HU-HPAI(P)-2024-00014	Gyomaendrőd és Szarvas települések közigazgatási területének a 46.903093 és a 20.747254 GPS-koordináták által meghatározott pont körüli 3 km sugarú körön belül eső területe.	21.5.2024
	Jász-Nagykun-Szolnok vármegye	
HU-HPAI(P)-2024-00011	Mesterszállás és Öcsöd települések közigazgatási területének a 46.889059 és a 20.421714 GPS-koordináták által meghatározott pont körüli 3 km sugarú körön belül eső területe.	11.5.2024

Cuid B

Criosanna faireachais sna Ballstáit lena mbaineann* dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe (a), agus Airteagal 3:

Ballstát: An Bhulgáir

Uimhir thagartha ADIS na ráige	**Limistéar arb é atá ann:**	**An dáta a bheidh sé infheidhme go dtí, i gcomhréir le hAirteagal 55 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687**
	Réigiún Haskovo	
BG-HPAI(P)-2024-00010 BG-HPAI(P)-2024-00011	Na sráidbhailte seo a leanas i mbardasacht Haskovo: — Haskovo — Voyvodovo — Manastir — Konush	16.5.2024 – 24.5.2024
	Na sráidbhailte seo a leanas i mbardasacht Haskovo: — Klokotnitsa — Manastir — Malevo	24.5.2024

	— Stamboliyski — Dinevo — Podkrepa — Uzumddzhovo — Haskovo — Knizhovnik — Dolno Voyvodino — Orlovo — Dolno Golemantsi — Mandra — Kozlets — Teketo — Galabets — Trakiets — Vaglarovo	
	Na sráidbhailte seo a leanas i mbardasacht Dimitrovgrad: — Krepost — Chernogorovo — Voden	24.5.2024
BG-HPAI(P)-2024-00012	An sráidbhaile seo a leanas i mbardasacht Ivaylovgrad: — Bubino — Popsko — Belopoltsi — Paskul — Konnici — Vetruska — Vis	14.5.2024
	Réigiún Kardzhali	
BG-HPAI(P)-2024-00012	Na sráidbhailte seo a leanas i mbardasacht Krumovgrad: — Doborsko — Bagriltsi — Chal — Perunika	6.5.2024 – 14.5.2024
	Na sráidbhailte seo a leanas i mbardasacht Krumovgrad: — Krumovgrad	14.5.2024

	— Chernooki — Tintyava — Kalaydzhievo — Podrumche — Guliyka — Pelin — Rogach — Slivarka — Edrino — Kamenka — Polkovnik Zhelyazovo — Kachulka — Kovil — Dzhanka — Padalo	
Réigiún Pazardzhik		
BG-HPAI(P)-2024-00009	Na sráidbhailte seo a leanas i mbardasacht Pazardzhik: — Hadzhievo — Govedare — Malo Konare	7.5.2024
Réigiún Plovdiv		
	An sráidbhaile seo a leanas i mbardasacht Rodopi: — Tsalapitsa An sráidbhaile seo a leanas i mbardasacht Stamboliyski: — Stamboliyski	29.4.2024 – 7.5.2024
BG-HPAI(P)-2024-00009	Na sráidbhailte seo a leanas i mbardasacht Maritsa: — Voisil — Benkovski — Radinovo — Kostievo Na sráidbhailte seo a leanas i mbardasacht Rodopi: — Orizari — Kadievo — Zlatitrap	7.5.2024

	Na sráidbhailte seo a leanas i mbardasacht Stamboliyski: — Yoakim Gruevo — Kurtovo Konare — Novo selo — Trivoditsi	
BG-HPAI(P)-2024-00013	Na sráidbhailte seo a leanas i mbardasacht Asenovgrad: — Asenovgrad — Boyantsi An sráidbhaile seo a leanas i mbardasacht Sadovo: — Mominsko	27.5.2024 – 4.6.2024
	Na sráidbhailte seo a leanas i mbardasacht Asenovgrad: — Izbeglii — Kozanovo — Stoevo — Zlatovrah — Muldava — Lyaskovo	4.6.2024
	Na sráidbhailte seo a leanas i mbardasacht Sadovo: — Sadovo — Bolyartsi — Katunitsa — Karadzhovo — Kochevo	4.6.2024
	Na sráidbhailte seo a leanas i mbardasacht Rodopi: — Krumovo — Yagodovo	4.6.2024
	Na sráidbhailte seo a leanas i mbardasacht Kuklen: — Kuklen — Ruen	4.6.2024

Ballstát: An Ungáir

Uimhir thagartha ADIS na ráige	Limistéar arb é atá ann:	An dáta a bheidh sé infheidhme go dtí, i gcomhréir le hAirteagal 55 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687
	Békés vármegye	
HU-HPAI(P)-2024-00007-00010 HU-HPAI(P)-2024-00013	Békéssámson, Csanádapáca, Kardoskút, Kaszaper, Nagybánhegyes, Orosháza, Pusztaföldvár és Tótkomlós települések védőkörzeten kívül eső teljes közigazgatási területe. Csorvás, Gádoros, Gerendás, Medgyesbodzás, Mezőhegyes, Mezőkovácsháza, Nagyszénás és Végegyháza települések közigazgatási területének a 46.428759 és a 20.707461, a 46.489250 és a 20.791090, a 46.442322 és a 20.727723, a 46.443534 és a 20.727690, valamint a 46.593821 és a 20.626602 GPS-koordináták által meghatározott pont körüli 10 km sugarú körön belül eső területe.	23.5.2024
HU-HPAI(P)-2024-00011-00012 HU-HPAI(P)-2024-00014	Békésszentandrás, Csabacsűd, Gyomaendrőd, Hunya, Kardos, Örménykút és Szarvas települések közigazgatási területének a 46.889059 és a 20.421714, a 46.861838 és a 20.586673, valamint a 46.903093 és a 20.747254 GPS-koordináták által meghatározott pont körüli 10 km sugarú körön belül és védőkörzeten kívül eső területe.	30.5.2024
HU-HPAI(P)-2024-00007 HU-HPAI(P)-2024-00009 HU-HPAI(P)-2024-00010	Békéssámson, Kardoskút és Tótkomlós települések közigazgatási területének a 46.428759 és a 20.707461, a 46.442322 és a 20.727723, valamint a 46.443534 és a 20.727690 GPS-koordináták által meghatározott pont körüli 3 km sugarú körön belül eső területe.	9.5.2024 - 23.5.2024
HU-HPAI(P)-2024-00008	Kardoskút, Kaszaper, Orosháza, Pusztatföldvár és Tótkomlós települések közigazgatási területének a 46.489250 és a 20.791090 GPS-koordináták által meghatározott pont körüli 3 km sugarú körön belül eső területe.	10.5.2024 - 23.5.2024
HU-HPAI(P)-2024-00011	Szarvas település közigazgatási területének a 46.889059 és a 20.421714 GPS-koordináták által meghatározott pont körüli 3 km sugarú körön belül eső területe.	12.5.2024 - 30.5.2024
HU-HPAI(P)-2024-00012	Szarvas település közigazgatási területének a 46.861838 és a 20.586673 GPS-koordináták által meghatározott pont körüli 3 km sugarú körön belül eső területe.	15.5.2024 - 30.5.2024
HU-HPAI(P)-2024-00013	Gádoros és Orosháza települések közigazgatási területének a 46.593821 és a 20.626602 GPS-koordináták által meghatározott pont körüli 3 km sugarú körön belül eső területe.	15.5.2024 - 23.5.2024
HU-HPAI(P)-2024-00014	Gyomaendrőd és Szarvas települések közigazgatási területének a 46.903093 és a 20.747254 GPS-koordináták által meghatározott pont körüli 3 km sugarú körön belül eső területe.	22.5.2024 - 30.5.2024

	Csongrád-Csanád vármegye	
HU-HPAI(P)-2024-00007 HU-HPAI(P)-2024-00009 HU-HPAI(P)-2024-00010 HU-HPAI(P)-2024-00013	Ambrózfalva és Nagyér teljes közigazgatási területe. Árpádhalom, Csanádalberti, Hódmezővásárhely, Makó, Nagymágocs, Pitvaros és Székkutas települések közigazgatási területének a 46.428759 és a 20.707461, a 46.442322 és a 20.727723, a 46.443534 és a 20.727690, valamint a 46.593821 és a 20.626602 GPS-koordináták által meghatározott pont körüli 10 km sugarú körön belül eső területe	23.5.2024
HU-HPAI(P)-2024-00011-0012	Eperjes és Szentes települések közigazgatási területének a 46.889059 és a 20.421714, valamint a 46.861838 és a 20.586673 GPS-koordináták által meghatározott pont körüli 10 km sugarú körön belül eső területe.	30.5.2024
	Jász-Nagykun-Szolnok vármegye	
HU-HPAI(P)-2024-00011-00012 HU-HPAI(P)-2024-00014	Kunszentmárton, Mesterszállás, Mezőhék, Mezőtúr, Öcsöd és Tiszaföldvár települések közigazgatási területének a 46.889059 és a 20.421714, a 46.861838 és a 20.586673, valamint a 46.903093 és a 20.747254 GPS-koordináták által meghatározott pont körüli 10 km sugarú körön belül és védőkörzeten kívül eső területe.	30.5.2024
HU-HPAI(P)-2024-00011	Mesterszállás és Öcsöd települések közigazgatási területének a 46.889059 és a 20.421714 GPS-koordináták által meghatározott pont körüli 3 km sugarú körön belül eső területe.	12.5.2024 - 30.5.2024

Cuid C

Criosanna srianta breise sna Ballstáit lena mbaineann* dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe (b), agus Airteagal 4:

Ballstát: Ceann ar bith

Limistéar arb é atá ann:	**An dáta a bheidh na bearta infheidhme go dtí, i gcomhréir le hAirteagal 3a**

* I gcomhréir leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 5(4) de Chreat Windsor (féach Dearbhú Comhpháirteach Uimh. 1/2023 ón Aontas agus ón Ríocht Aontaithe sa Chomhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach an 24 Márta 2023, IO L 102, 17.4.2023, lch. 87) i gcomhar le hIarscríbhinn 2 a ghabhann leis an gCreat sin, chun críocha na hIarscríbhinne seo, baineann tagairtí don Bhallstát leis an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann.